An Ghníomhaireacht Tithíochta
The Housing Agency

# Scéim Ceannaigh (Incriminteach) ag Tionóntaí 2016

## Lámhleabhar Faisnéise Tionónta

**Arna Nuashonraithe Deireadh Fómhair 2022**

1

Arna ullmhaithe ag an nGníomhaireacht Tithíochta

# Ábhar

Lámhleabhar Faisnéise Tionónta 1

1. Cad í Scéim Ceannaigh (Incriminteach) ag Tionóntaí 2016? ....... 3
2. Conas a oibríonn an scéim? ....... 3
3. An féidir liom cur isteach UIRTHI? ....... 4
4. An bhfuil gach réadmhaoin údaráis áitiúil san áireamh sa scéim? ....... 5
5. An gcuirfear bail nó feabhas ar mo theach sula gceannaím é? ....... 5
6. Cé a dhéanfaidh cothabháil ar mo theach tar éis dom é a cheannach? ....... 6
7. An bhfuil srianta ar úsáid mo thí tar éis dom é a cheannach? ....... 6
8. Cé mhéad a íocfaidh mé ar mo theach? ....... 6
9. An féidir liom achomharc a dhéanamh maidir le luacháil mo thí? ....... 7
10. An féidir liom mo theach a athdhíol? ....... 7
11. Conas a ríomhtar m'ioncam don scéim? ....... 7
12. Cén ioncam a áirítear leis an scéim? ....... 7
13. Cén lascaine a gheobhaidh mé? ....... 8
14. Cad é an muirear ceannaigh incriminteach? ....... 9
15. Conas is féidir liom mo cheannachán a mhaoiniú? ....... 11
16. Cad is Iasacht Tí Údaráis Áitiúil ann? ....... 12
17. An bhfuil dáta deiridh don scéim? ....... 13
18. Conas a dhéanaim iarratas? ....... 13
19. Conas a dhéanfar m’iarratas a phróiseáil? ....... 13

## 1. CAD Í SCÉIM CEANNAIGH (INCRIMINTEACH) AG TIONÓNTAÍ 2016?

Is scéim í seo a ligeann do thionóntaí de chuid údarás áitiúil a dtithe a cheannach.

Cuireadh Scéim Ceannaigh (Incriminteach) ag Tionóntaí 2016 i bhfeidhm faoi na Rialacháin Tithíochta (Díol Tithe Údaráis Áitiúil) 2015 agus leasaíodh rialacha na scéime in 2022 leis na Rialacháin Tithíochta (Díol Tithe Údaráis Áitiúil) (Leasú) 2021. Tháinig athrú ar na critéir incháilitheachta don Scéim Ceannaigh (Incriminteach) ag Tionóntaí 2016 ar an 1 Feabhra 2022. Tá an t-íosmhéid ioncaim inríofa laghdaithe ó €15,000 go €12,500. Tá an t-achar ama nach mór duit a bheith ag fáil tacaíochtaí tithíochta sóisialta méadaithe ó 1 bhliain go 10 mbliana. I gcás comhthionóntachtaí, ní mór duit féin agus don chomhthionónta a bheith ag fáil tacaíochtaí tithíochta sóisialta ar feadh 10 mbliana.

## 2. CONAS A OIBRÍONN AN SCÉIM?

Faoin scéim seo, is féidir leat iarratas a dhéanamh chuig d'údarás áitiúil chun do theach údaráis áitiúil a cheannach. Má cheadaítear é, ní mór duit leanúint de bheith i do chónaí sa teach chomh fada agus a bheidh tú i d'úinéir ar an teach.

Gheobhaidh tú lascaine ar phraghas an tí bunaithe ar d'ioncam. Cuirfidh d'údarás áitiúil táille freisin ar do theach ar a dtugtar 'muirear ceannaigh incriminteach'. Beidh an táille seo cothrom leis an lascaine a gheobhaidh tú ar phraghas do thí. Beidh an táille i bhfeidhm go ceann 20, 25 nó 30 bliain (ag brath ar an lascaine a thugtar). Gach bliain, laghdóidh an t-údarás áitiúil an táille 2%. Ag deireadh na 20, 25 nó 30 bliain, beidh an táille ag a náid chomh fada agus a chloíonn tú le téarmaí agus coinníollacha na scéime.

Beidh tú in ann do theach a athdhíol am ar bith má aontaíonn d'údarás áitiúil. Mar sin féin, má dhíolann tú é roimh dheireadh na 20, 25 nó 30 bliain, beidh ort luach an mhuirir gan íoc ar do theach a íoc ar ais le d'údarás áitiúil.

Féach ar rannáin 13 agus 14 le haghaidh tuilleadh faisnéise faoin lascaine agus faoin táille, agus samplaí den bhealach a n-oibríonn siad.

## 3. AN FÉIDIR LIOM CUR ISTEACH UIRTHI?

Is féidir leat cur isteach ar an scéim má chomhlíonann tú féin agus/ comhthionónta na coinníollacha seo a leanas:

- **An tréimhse ama a bhfuil Tacaíocht Tithíochta Sóisialta** á fáil agat tá athrú ar an tréimhse ama nach mór duit a bheith ag fáil tacaíocht tithíochta sóisialta le go mbeidh tú incháilithe faoin scéim ó 1 bhliain go 10 mbliana. Is féidir an t-am a chaitear i dtionónachtaí ÍCT nó RAS a áireamh i dtaca leis an tréimhse 10 mbliana chomh fada agus nach bhfuil aon bhriseadh sa tacaíocht tithíochta sóisialta. I gcás comhthionóntachtaí, ní mór duit féin agus don chomhthionónta a bheith ag fáil tacaíochtaí tithíochta sóisialta ar feadh 10 mbliana ar a laghad sula mbeifear i dteideal iarratas a dhéanamh.
- **Ioncam** – ní mór ioncam bliantúil €12,500 ar a laghad a bheith agat (féach cuid 11 le haghaidh tuilleadh sonraí).
- **iompraíocht fhrithshóisialta** – ní cheadaítear aon duine atá ina c(h)ónaí i do theach a bheith gafa le hiompraíocht fhrithshóisialta (déanfar é seo a sheiceáil leis na Gardaí).
- **Riaráistí** – níor cheart go mbeadh tú ar gcúl le do chíos nó le do tháillí údaráis áitiúil ar feadh níos mó ná 12 sheachtain le trí bliana anuas. Dá mbeadh, níor mhór duit socrú íocaíochta a bheith déanta agat le d'údarás áitiúil agus cloí leis an socrú sin.
- **Úinéireacht Roimhe Seo** – níor chóir gur cheannaigh tú teach faoi scéim ceannaigh ag tionóntaí níos luaithe.

## 4. AN BHFUIL GACH RÉADMHAOIN ÚDARÁIS ÁITIÚIL SAN ÁIREAMH SA SCÉIM?

Níl. Níl na cineálacha réadmhaoine seo a leanas san áireamh

- árasáin, teaghasáin agus árasáin dhá leibhéal
- tithe atá saindeartha do dhaoine scothaosta
- tithe a sholáthraítear do dhaoine faoi mhíchumas chun cabhrú leo cúram institiúideach a fhágáil agus dul chun cónaí sa phobal
- tithe atá mar chuid de ghrúpscéim tithíochta don Lucht Siúil
- carbháin, tithe soghluaiste nó tithe eile gur féidir a bhogadh ó áit go háit
- tithe i bhforbairt phríobháideach go n-aistríonn an forbróir chuig an údarás áitiúil
- tithe atá curtha in áirithe ag an údarás áitiúil ar chúiseanna ar leith
- réadmhaoin Cuid V atá ceapaithe do thithíocht shóisialta

Is féidir le d'údarás áitiúil a insint duit má tá do chineál réadmhaoine san áireamh sa scéim.

## 5. AN GCUIRFEAR BAIL NÓ FEABHAS AR MO THEACH SULA GCEANNAÍM É?

Ní chuirfear. Léireoidh luach margaidh (praghas) do thí an riocht ina bhfuil sé faoi láthair. Ní thabharfaidh an t-údarás áitiúil aon ráthaíocht maidir le deisriocht nó riocht struchtúir an tí.

## 6. CÉ A DHÉANFAIDH COTHABHÁIL AR MO THEACH TAR ÉIS DOM É A CHEANNACH?

Déanfaidh tusa é sin. Dála gach úinéara tí, beidh tú freagrach as cothabháil agus deisiúcháin a dhéanamh ar do theach ón dáta a gceannaíonn tú é. Ní mór duit árachas réadmhaoine dóthanach a fháil agus a choinneáil ar do theach agus íoc as seo tú féin. Mar úinéir an tí, beidh tú freagrach as an gcáin mhaoine áitiúil a íoc ar do theach.

## 7. AN BHFUIL SRIANTA AR ÚSÁID MO THÍ TAR ÉIS DOM É A CHEANNACH?

Tá. Ní mór duit:

- cónaí sa teach mar do ghnáthháit chónaithe;
- comhaontú a fháil ó d’údarás áitiúil más mian leat an teach a dhíol, a ligean ar cíos nó a fho-ligean; agus
- gan gabháil d'iompar frithshóisialta nó gan cur isteach ar do chomharsana.

## 8. CÉ MHÉAD A ÍOCFAIDH MÉ AR MO THEACH?

Is é praghas ceannaigh an tí ná luach (ná between tí & luach)an tí chun críocha an lascaine infheidhme a ríomh agus ríomhfar é mar an ceann is mó díobh seo a leanas:

(a) Luach margaidh an tí (a léiríonn an riocht a bhfuil sé ann agus an bhail atá air faoi láthair.) Is é an t-údarás áitiúil nó luachálaí cáilithe a ghníomhaíonn thar ceann an údaráis áitiúil a chinnfidh an luach margaidh.

**nó**

(b) Leath an chostais mheasta ar an údarás áitiúil as teach athsholáthair a sholáthar atá i gcomhréir le caighdeáin nua-aimseartha ina stoc tithíochta.

## 9. AN FÉIDIR LIOM ACHOMHARC A DHÉANAMH MAIDIR LE LUACHÁIL MO THÍ?

Mura n-aontaíonn tú le luacháil an údaráis áitiúil ar do theach, féadfaidh tú luachálaí neamhspleách a fhostú ó phainéal luachálaithe a bhunaigh d'údarás áitiúil. Ní mór duit costas na luachála neamhspleáiche seo a íoc tú féin.

## 10. AN FÉIDIR LIOM MO THEACH A ATHDHÍOL?

Is féidir. Is féidir leat do theach a athdhíol am ar bith. Mar sin féin, má athdhíolann tú do theach fad is a bhíonn an muirear ceannaigh incriminteach i bhfeidhm, beidh ort comhaontú scríofa a fháil ó d'údarás áitiúil. Beidh ort luach reatha an mhuirir cheannaigh incrimintigh gan íoc a íoc le d'údarás áitiúil, freisin. Féach ar chuid 14 le haghaidh tuilleadh sonraí faoi seo. Beidh an chéad rogha ag d'údarás áitiúil do theach a cheannach ar ais fad is a bheidh an muirear ceannaigh incriminteach i bhfeidhm.

## 11. CONAS A RÍOMHTAR M'IONCAM DON SCÉIM?

Ríomhfaidh d'údarás áitiúil d'ollioncam. Áirítear leis seo ioncam ó phá, tuarastail, agus roinnt íocaíochtaí leasa shóisialaigh ach amháin nuair is íocaíochtaí breise iad ar ioncam fostaíochta. Féadann iarratasóir arb é an pinsean Stáit Ranníocach agus Neamhranníocach a p(h)ríomhfhoinse ioncaim iarratas a dhéanamh faoin scéim anois. Níl íocaíochtaí leasa shóisialaigh áirithe inmheasúnaithe mar ioncam inríofa, mar shampla Sochar Linbh, Liúntas Cúramóra, Sochar Cúramóra, Sochar Cúramóra Leath-Ráta agus Íocaíocht do Theaghlaigh (instead of Teaghlach) i bhFostaíocht. Tá an liosta iomlán maidir le neamhairde ioncaim ar fáil ó d'údarás áitiúil.

## 12. CÉN IONCAM A ÁIRÍTEAR LEIS AN SCÉIM?

Is é an t-aon ioncam a bheidh san áireamh ná ioncam thionóntaí an tí agus an céile, páirtí sibhialta nó páirtí eile (comhchónaitheoir) atá ina c(h)ónaí sa teach leo. Má

chuireann comhthionóntachtaí isteach ar an scéim, ní mór duit féin agus don chomhthionónta a bheith ag fáil tacaíochtaí tithíochta sóisialta ar feadh 10 mbliana ar a laghad.

## 13. CÉN LASCAINE A GHEOBHAIDH MÉ?

Ag brath ar d'ollioncam bliantúil, beidh na lascainí idir 40% agus 60%. Tabharfar an lascaine i gcoinne luach margaidh (praghas ceannaigh) do thí.

| Ollioncam Bliantúil | Lascaine |
|---|---|
| Idir €12,500 agus €20,000 | 60% |
| Idir €20,001 agus €29,999 | 50% |
| €30,000 nó níos mó | 40% |

Sampla:

Má tá luach €150,000 ar do theach údaráis áitiúil agus má tá d'ollioncam bliantúil dar luach €18,000, gheobhaidh tú lascaine 60% i gcoinne an phraghais cheannaigh. Ciallaíonn sé seo go n-íocfaidh tú €60,000 ar an teach (40% de €150,000 is ea €60,000).

Mar sin féin, cuirfidh an t-údarás áitiúil muirear ceannaigh incriminteach ar an teach atá cothrom leis an lascaine a gheobhaidh tú.

## 14. CAD É AN MUIREAR CEANNAIGH INCRIMINTEACH?

Ceann de na coinníollacha a bhaineann leis an díolachán is ea go gcuirfidh an t-údarás áitiúil muirear ceannaigh incriminteach ar an teach atá cothrom leis an lascaine a gheobhaidh tú.
Laghdófar an muirear seo go dtí a náid in imeacht 20, 25 nó 30 bliain (tréimhse ar a dtugtar an 'tréimhse mhuirir), chomh fada agus a chloíonn tú le coinníollacha an díolacháin faoin scéim.

Beidh ort luach an mhuirir gan íoc a aisíoc leis an údarás áitiúil:

- má dhíolann tú an teach roimh dheireadh na tréimhse muirir; nó
- mura laghdaítear do mhuirear ceannaigh incriminteach go ceann bliana nó níos mó toisc nár chloígh tú le coinníollacha na scéime. Má tá sé dlite le haisíoc fós ag deireadh na tréimhse muirir. Má tá tréimhse an mhuirir cheannaigh incrimintigh ag brath ar an lascaine. Mar shampla, má fhaigheann tú lascaine 50% bunaithe ar d'ollioncam bliantúil (féach cuid 13), 25 bliain a bheidh sa tréimhse muirir.

| Lascaine | Tréimhse muirir |
|---|---|
| 60% | 30 bliain |
| 50% | 25 bliain |
| 40% | 20 bliain |

Seo dhá shampla maidir le conas a oibríonn an scéim.

Sampla 1:

Ceannaíonn tú do theach agus coimeádann tú é ar feadh na tréimhse muirir iomláine

| | |
|---|---|
| Praghas ceannaigh (luach margaidh) ag dáta an díolacháin | €150,000 |
| Lascaine | 50% (bunaithe ar d'ioncam) |
| Airgead ceannaigh (an praghas iarbhír a íocadh): | €75,000 |
| An muirear ceannaigh incriminteach ar an teach: | 50% de luach an tí |
| Tréimhse muirir: | 25 bliain (bunaithe ar lascaine) |

Gach bliain, tiocfaidh laghdú 2% ar an muirear ceannaigh incriminteach maidir le luach an tí. Tar éis 25 bliain, beidh an muirear thíos ag a náid.

Sampla 2:

Ceannaíonn tú do theach agus athdhíolann tú é tar éis 10 mbliana

| | |
|---|---|
| Praghas ceannaigh (luach margaidh) ag dáta an díolacháin: | €150,000 |
| Lascaine: | 50% (bunaithe ar d'ioncam) |
| Airgead ceannaigh (an praghas iarbhír a íocadh): | €75,000 |
| An muirear ceannaigh incriminteach ar an teach: | 50% de luach an tí |
| Tréimhse muirir: | 25 bliain (bunaithe ar lascaine) |

**Athdhíol an tí i ndiaidh 10 mbliana:**

| | |
|---|---|
| Luach margaidh an tí ar athdhíol an tí: | €160,000 |
| An muirear ceannaigh incriminteach gan íoc: | 30%<br>(50% lúide 20% = 30%) |
| Íoctar an t-airgead ar ais leis an údarás áitiúil chun an muirear a ghlanadh:* | €48,000 (€160,000 x 30% = €48,000) |

* 50% ba ea an bunmhuirear ceannaigh incriminteach ach tá laghdú 2% tagtha air gach bliain. Mar sin, in imeacht na 10 mbliana, tá laghdú 20% (2% x 10 = 20%) tar éis teacht ar an muirear. Ciallaíonn sé seo nach bhfuil ort ach 30% (€48,000) den luach margaidh reatha a íoc ar ais.

## 15. CONAS IS FÉIDIR LIOM MO CHEANNACHÁN A MHAOINIÚ?

Beidh ort an t-airgead ceannaigh a íoc go hiomlán nuair a bheidh ceannach an tí curtha i gcrích. Beidh tú freagrach as an airgead a bhailiú chun é seo a dhéanamh (mar shampla, ó choigilteas, ó iasacht mhorgáiste, agus mar sin de). Ní mór duit riachtanais an údaráis áitiúil a chomhlíonadh maidir le conas a íocfaidh tú as an teach.
Má tá tú in acmhainn é a cheannach, féadann tú do theach a cheannach gan iasacht mhorgáiste chomh fada agus a chomhlíonann tú na critéir incháilitheachta go léir (féach ar chuid 3). Áirítear leis seo ollioncam bliantúil de €12,500 ar a laghad a bheith agat. Ní mór an t-ioncam seo a bheith agat ionas gur féidir leat do theach a chothabháil le linn na tréimhse muirir. Ní bheidh ort éarlais a íoc mar chuid de do cheannachán.

B'fhéidir go mbeifeá in ann iarratas a dhéanamh chuig d'údarás áitiúil ar Iasacht Tí Údaráis Áitiúil. Féach ar chuid 16 le haghaidh tuilleadh sonraí. Beidh ort do chostais

go léir a íoc, lena n-áirítear táillí dlí chun ceannach do thí údaráis áitiúil a chur i gcrích.

## 16. CAD IS IASACHT TÍ ÚDARÁIS ÁITIÚIL ANN?

Is iasacht mhorgáiste í seo atá ar fáil ó d'údarás áitiúil. Chun iarratas a dhéanamh ar an Iasacht Tí Údaráis Áitiúil, ní mór duit:

- a bheith idir 18 agus 70 bliain d'aois
- a bheith i bhfostaíocht leanúnach ar feadh dhá bhliain ar a laghad, mar phríomhshaothraí nó a bheith i bhfostaíocht leanúnach ar feadh bliana ar a laghad, mar shaothraí tánaisteach
- mar iarratasóir singil ní mór duit ollioncam bliantúil bheith agat nach bhfuil níos mó ná €65,000 i gcontaetha Chorcaí, Bhaile Átha Cliath, na Gaillimhe, Chill Dara, Lú, na Mí agus Chill Mhantáin agus a bheith ag tuilleamh faoi bhun €50,000 i ngach contae eile
- mar chomhiarratasóirí ní mór ollioncam bliantúil nach bhfuil níos mó ná €75,000 le chéile bheith agaibh i ngach contae
- cuntais dheimhnithe dhá bhliain a chur isteach má tá tú féinfhostaithe
- fianaise a sholáthar ar thairiscintí airgeadais neamhleora ó dhá sholáthraí airgeadais rialaithe
- gan a bheith i d'úinéir reatha nó i d'úinéir roimhe seo ar réadmhaoin chónaithe i bPoblacht na hÉireann nó lasmuigh di, ach amháin más iarratasóir *Fresh Start* thú
- ceanglaítear ar iarratasóirí a dhearbhú gur ceannaitheoir céaduaire iad. Ní mór dóibh an t-údarás a thabhairt don údarás áitiúil chun cibé seiceálacha is gá chun é seo a dheimhniú, mar shampla seiceáil maidir le Cáin Mhaoine Áitiúil a dhéanamh.
- cónaí sa teach mar do ghnátháit chónaithe
- toiliú le seiceáil ar an bPríomhchlár Creidmheasa
- ceart dlíthiúil a bheith acu faoi láthair chun cónaí agus obair sa Stát agus bheith in ann a léiriú go bhfuil gnáthchónaí orthu in Éirinn

- tá incháilitheacht faoi réir foirm iarratais iomlán Iasachta Tí Údaráis Áitiúil a chur isteach agus deimhniú ó d'údarás áitiúil

Ní mór duit foirm iarratais Iasachta Tí Údaráis Áitiúil a chomhlánú, rud is féidir a fháil ó d'údarás áitiúil agus na doiciméid tacaíochta a sholáthar a theastaíonn chun do chumas iasachta a mheasúnú. Tá tuilleadh eolais ar Iasacht Tí an Údaráis Áitiúil ar fáil ag www.localauthorityhomeloan.ie.

Tá an t-iarratas ar Iasacht Tí Údaráis Áitiúil difriúil ó d'iarratas ar an Scéim Ceannaigh (Incriminteach) ag Tionóntaí.

## 17. AN BHFUIL DÁTA DEIRIDH DON SCÉIM?

Níl, níl aon dáta deiridh chun iarratas a dhéanamh ar an scéim. Tugann sé seo am duit sonraí na scéime a scrúdú sula ndéanann tú cinneadh.

## 18. CONAS A DHÉANAIM IARRATAS?

- Ní mór duit foirm iarratais ar Scéim Ceannaigh (Incriminteach) ag Tionóntaí a chomhlánú atá ar fáil ó d'údarás áitiúil
- Ní mór duit cruthúnas a sholáthar maidir le d'ioncam.
- Ní mór duit a chur in iúl do d'údarás áitiúil conas atá sé ar intinn agat íoc as an teach.
- Ní mór duit aon fhaisnéis eile a iarrann sé faoi d'iarratas a sholáthar don údarás áitiúil

## 19. CONAS A DHÉANFAR M'IARRATAS A PHRÓISEÁIL?

B'fhéidir go mbeadh athrú beag air seo ó údarás áitiúil amháin go dtí údarás áitiúil eile ach, go ginearálta, déanfar d'iarratas a phróiseáil i gcúig chéim:

### Céim 1 – incháilitheacht ioncaim agus tionóntachta

Déanfaidh d'údarás áitiúil d'iarratas a mheas chun a chinntiú go gcloíonn sé leis na

rialacha maidir le hioncam agus tionóntacht (**féach ar chuid 3**. Tá sé tábhachtach na doiciméid tacaíochta go léir a iarrtar ort a sholáthar. Déantar é seo chun a chinntiú go bhfuil d'iarratas inghlactha. Áirítear leis na doiciméid tacaíochta Achoimre Sonraí Fostaíochta (an P60 roimhe seo), duillíní pá, teastais tuarastail, agus mar sin de. Má iarrann d'údarás áitiúil tuilleadh faisnéise ort, ní mór duit í a sholáthar laistigh de cheithre seachtaine. Mura gcáilíonn tú don scéim, scríobhfaidh d'údarás áitiúil chugat agus cuirfidh siad an méid sin in iúl duit.

## Céim 2 – Luacháil Réadmhaoine

Tabharfaidh luachálaí gairmiúil, arna ainmniú ag d'údarás áitiúil, cuairt ar do theach chun a luach a mheas.

## Céim 3 – litir thairisceana ina sonraítear luach margaidh, lascaine agus praghas

Seolfaidh d'údarás áitiúil 'litir thairisceana' chugat, ina gcuirtear síos ar:

- luach margaidh an tí;
- an lascaine a d'fhéadfá a fháil faoin scéim;
- an praghas nach mór duit a íoc chun an ceannach a chur i gcrích; agus
- na téarmaí agus na coinníollacha maidir leis an díolachán.

Mairfidh an tairiscint go ceann tréimhse shocraithe ama. Ina dhiaidh sin, d'fhéadfadh athrú teacht ar an luach margaidh, an lascaine agus an praghas ceannaigh nár mhór duit a íoc.

## Céim 4 – glacadh leis an tairiscint agus maoiniú ceannaigh a dheimhniú

Má tá tú sásta glacadh leis an tairiscint agus dul ar aghaidh leis an gceannach, beidh ort fianaise a sholáthar (amhail ráiteas coigiltis bhainc nó litir thairisceana iasachta ó d'iasachtóir) chun a chur in iúl go bhfuil an t-airgead agat chun an ceannach a chur i gcrích. Ní chuirfear tús leis an aistriú dlíthiúil maidir le do theach údaráis áitiúil ach amháin nuair a chuirfear an chéim seo i gcrích.

## Céim 5 – ceannach agus aistriú úinéireachta a thabhairt i gcrích

Nuair a bheidh an praghas ceannaigh íoctha agat ina iomláine, cuirfear aistriú dlíthiúil an tí i gcrích agus beidh tú mar úinéir an tí. Ní féidir leis an údarás áitiúil an réadmhaoin a aistriú chugat go dtí go mbeidh gach céim den phróiseas iarratais curtha i gcrích.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin scéim, déan teagmháil le d'údarás áitiúil, le do thoil.